Leasú 16
David Cormand
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE
Eider Gardiazabal Rubial
thar ceann Ghrúpa S&D

Tuarascáil **A9-0081/2020**
David Cormand
Gníomhaíochtaí airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta – tuarascáil bhliantúil 2019 (2019/2126(INI))

Tairiscint i gcomhair rúin
Mír 83 a (nua)

Tairiscint i gcomhair rúin	*Leasú*
	83a. Á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha dó an t-alt[1] le déanaí maidir le hiniúchóireacht inmheánach a rinneadh ar BEI inar sainaithníodh easnaimh thromchúiseacha i gcur i bhfeidhm chaighdeáin frithsciúrtha airgid an bhainc; á chur in iúl gur geal leis go bhfuil aghaidh á tabhairt ag BEI ar na heasnaimh sin, agus ag tathant air a chuid oibre a thabhairt i gcrích mar ábhar tosaíochta faoi mhí Iúil 2020, agus tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa ar na bearta nithiúla a rinneadh, go háirithe na bearta sin atá beartaithe chun dícheall cuí ar chliaint BEI a neartú; á iarraidh ar BEI an tuarascáil ar an iniúchóireacht inmheánach sin a roinnt le Parlaimint na hEorpa agus achoimre fhóinteach ar an tuarascáil iniúchóireachta agus measúnú maidir leis an gcaoi ar tugadh aghaidh go nithiúil ar gach easnamh a fhoilsiú, agus iad a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, chun measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn BEI maidir leis na saincheisteanna sin; ag moladh, dá bhrí sin, go ndéanfadh Grúpa BEI a bheartas maidir le sceithireacht a nuashonrú chun Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais[1]

a léiriú, ar Treoir í atá á cur chun feidhme faoi láthair ag na Ballstáit;

_____

[1] ***https://luxtimes.lu/european-union/40483-eib-under-scrutiny-for-failings-after-whistleblowing-complaints***
[2] ***IO L 305, 26.11.2019, lch. 17.***

Or. en